StudentBounty.com

Rewarding Learning

**ADVANCED**
**General Certificate of Education**
**2013**

# Rialtas agus Polaitíocht

## Aonad Measúnaithe A2 1

## An Pholaitíocht Chomparáideach

**[AQ211]**

**DÉ hAOINE 17 BEALTAINE, MAIDIN**

**AM**

2 uair 15 nóiméad.

**TREOIR D'IARRTHÓIRI**

Scríobh d'Uimhir Lárionaid agus d'Uimhir Iarrthóra ar an Leabhrán Freagraí atá ar fáil.
Freagair **Rogha B**: An Ríocht Aontaithe agus Poblacht na hÉireann.

As na ceisteanna sa rogha agat, déan staidéar ar an fhoinse atá ar fáil agus freagair na ceisteanna **1** go **4** agus ceachtar acu **5(a)** nó **5(b)**.

**EOLAS D'IARRTHÓIRÍ**

Is é 100 an marc iomlán don pháipéar seo.
Measúnófar caighdeán na cumarsáide scríofa i gceisteanna **1**, **3**, **4** agus **5**.
Léiríonn figiúirí idir lúibíní ar thaobh na láimhe deise de leathanaigh na marcanna atá ag dul do gach ceist nó do gach cuid de cheist.

**COMHAIRLE D'IARRTHÓIRÍ**

Moltar duit an t-am scrúdaithe a roinnt de réir líon na marcanna atá ag dul do gach ceist. Ba chóir duit tuairim is **40 nóiméad** a chaitheamh ag freagairt ceist **1** i Roinn A den rogha agat. Moltar duit staidéar a dhéanamh ar an fhoinse sula ndéanfaidh tú iarracht an cheist seo a fhreagairt agus tagairt a dhéanamh don fhoinse i do fhreagra.



www.StudentBounty.com
Homework Help & Pastpapers

## Rogha B: An Ríocht Aontaithe agus Poblacht na hÉireann

StudentBounty.com

**Roinn A: Bunreacht na hÉireann**

**Déan staidéar ar an fhoinse thíos agus freagair an cheist a leanann.**

**Foinse**

Caithfidh Éire athruithe ollmóra a chur i bhfeidhm. Ní fiú Éire a tharrtháil mura mbeidh de thoradh air ach na scothaicmí agus na córais a chruthaigh an tubaiste a choinneáil i gcumhacht. Caithfidh Éire córas a thugann fíorchumhacht don phobal a chur in áit an chórais reatha. Chuir cumhacht na hEaglaise Caitlicí agus an chaimiléireacht a rinne modh saothraithe faoi choinne leas príobháideach den stát constaic sa bhealach ar fhorbairt poblacht cheart in Éirinn. Tig le muintir na hÉireann an córas polaitiúil a athmhúnlú agus cineál nua polaitíochta a chruthú. Tig leo parlaimint a chruthú a chuirfidh iallach ar an rialtas a chuid gníomhartha a mhíniú.

*Arna chur in oiriúint ó:Fintan O'Toole, The Observer. 14 Samhain 2010.*

1 Agus tagairt á déanamh agat don Fhoinse agus d'ábhar cuí eile a ndearna tú staidéar air, pléigh cé acu tá nó nach bhfuil bunreacht nua de dhíth ar Éirinn anois. [30]



www.StudentBounty.com
Homework Help & Pastpapers

StudentBounty.com

**Roinn B: Rialtas sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann**

**Freagair gach ceann de na ceithre cheist.**

**2** Mínigh an chiall atá leis an téarma "reifreann"? Bain úsáid as sampla ábhartha le tacú le do fhreagra.

**3** Mínigh an dóigh a dtugann TDanna (Teachtaí Dála) an chúlbhinse ar an rialtas a chuid gníomhartha a mhíniú. [10]

**4** Cuir i gcomparáid agus i gcodarsnacht lena chéile cé chomh tábhachtach agus atá dílseacht don pháirtí maidir le Feisirí Parlaiminte (sa Bhreatain) agus le Teachtaí Dála. [25]

**5** **Ceachtar acu**

**(a)** "Tá cosúlachtaí idir na srianta atá ar an Phríomh-Aire agus ar an Taoiseach maidir lena gcomh-aireachtaí a roghnú." Déan an dearcadh seo a mheas. [30]

**Nó**

**(b)** "Is mó smacht an fheidhmeannais ar an reachtas san Ríocht Aontaithe ná i bPoblacht na hÉireann." Déan an dearcadh seo a mheas. [30]

## SEO DEIREADH AN SCRÚDPHÁIPÉIR



www.StudentBounty.com
Homework Help & Pastpapers

StudentBounty.com

Cuireadh isteach ar chead chun an t-ábhar cóipchirt uile a atáirgeadh.
I gcásanna áirithe is féidir nár éirigh le CCEA teagmháil a dhéanamh le húinéirí cóipchirt agus beidh sé sásta na hadmhálacha sin a fágadh ar lár a chur ina gceart amach anseo ach é a chur ar an eolas.



www.StudentBounty.com
Homework Help & Pastpapers